Oifig **an** Phríomhoide

(ainmfhocal) (an t-alt) (ainmfhocal)

Pointe gramadaí:

Nuair a thagann dhá ainmfhocal le chéile, cuirtear an dara hainmfhocal sa Tuiseal Ginideach.

Má úsáidtear an t-alt (an) séimhítear túschonsan an dara hainmfhocal firinscneach.

Tá an t-ainmfhocal *Príomhoide* firinscneach.

CC BY NC

Halla **na** Scoile

(ainmfhocal) (an t-alt) (ainmfhocal)

Pointe gramadaí:

Nuair a thagann dhá ainmfhocal le chéile, cuirtear an dara hainmfhocal sa Tuiseal Ginideach.

Má úsáidtear an t-alt (na) san uimhir uatha, tá a fhios againn go bhfuil an dara hainmfhocal baininscneach.

BY NC

Leithreas **na gcailíní**

(ainmfhocal) (an t-alt) (ainmfhocal)

Pointe gramadaí:

Nuair a thagann dhá ainmfhocal le chéile, cuirtear an dara hainmfhocal sa Tuiseal Ginideach.

Má tá urú ar an ainmfhocal a leanann an t-alt (na), tá a fhios againn go bhfuil an t-ainmfhocal sin sa Tuiseal Ginideach Uimhir Iolra

Nóta: Tá an focal ‘Leithreas” ag tagairt do leithreas amháin. Gach seans go bhfuil níos mó ná leithreas amháin sa scoil. Sa chás seo, bheadh ‘Leithris” níos oiriúnaí.

BY NC

Leithreas **na mb**uachaillí

(ainmfhocal) (an t-alt) (ainmfhocal)

Pointe gramadaí:

Nuair a thagann dhá ainmfhocal le chéile, cuirtear an dara hainmfhocal sa Tuiseal Ginideach.

Má tá urú ar an ainmfhocal a leanann an t-alt (na), tá a fhios againn go bhfuil an t-ainmfhocail sin sa Tuiseal Ginideach Iolra.

Nóta: Tá an focal ‘Leithreas” ag tagairt do leithreas amháin. Gach seans go bhfuil níos mó ná leithreas amháin sa scoil. Sa chás seo, bheadh ‘Leithris” níos oiriúnaí.

CC BY NC

Seomra foirne

(ainmfhocal) (ainmfhocal)

Pointe gramadaí:

Nuair a thagann dhá ainmfhocal le chéile, cuirtear an dara hainmfhocal sa Tuiseal Ginideach.

Is é “foirne” an tuiseal ginideach uatha den ainmfhocal “Foireann”

CC BY NC

Seomra ceo**i**l

(ainmfhocal) (ainmfhocal)

<u>Pointe gramadaí</u>:

Nuair a thagann dhá ainmfhocal le chéile, cuirtear an dara hainmfhocal sa Tuiseal Ginideach.

Is é “ceo**i**l” an tuiseal ginideach uatha den ainmfhocal “ceol”

CC BY NC

Bosca bruscair

(ainmfhocal) (ainmfhocal)

<u>Pointe gramadaí</u>:

Nuair a thagann dhá ainmfhocal le chéile, cuirtear an dara hainmfhocal sa Tuiseal Ginideach.

Is é “bruscair” an tuiseal ginideach uatha den ainmfhocal “bruscar”

CC BY NC